Cuntas Leithreasa 2016

# Vóta 1

# Teaghlachas an Uachtaráin

## Réamhrá

Mar oifigeach cuntasaíochta do Vóta 1, tá iallach orm gach bliain an cuntas leithreasa don Vóta a réiteach, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tá an cuntas ceangailte leis seo réitithe agam maidir leis an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 ar thuarastail agus chostais Oifig Rúnaí Ginerálta an Uachtaráin maidir le costais áirithe de chuid Theaghlachas an Uachtaráin agus deontais áirithe.

Déantar an táirgeacht caiteachais a chomparáid leis na suimeanna ceadaithe ag Dáil Éireann faoi an tAcht Leithreasa 2016, an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar chaiteachas na bliana san áireamh.

Dlitear barrachas €286,958 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é An Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta

Claíodh leis na polasaithe agus prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta in ullmhú an chuntais.

Ní luachtar sócmhainní oidhreachta a bhaineann le Teaghlachas an Uachtaráin mar sócmhainní sna ráitis airgeadais seo.  Tá san áireamh sna sócmhainní troscán, saothair ealaíne agus dealbha.  Tá tréithe neamh-inchoimhthithe agus sobhriste ag baint leo agus ní féidir a gcomhshamhail a sholáthar, agus mar sin de ní cuspóir fónta a bheadh ann na sócmhainní a chaipitliú sna ráitis seo.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Bíonn Teaghlachas an Uachtaráin ag brath ar an Roinn Airgeadais do sholáthar feidhme íocaíochta agus seirbhíse cuntasaíochta.

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Oifig Teaghlachas an Uachtaráin.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí.  Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil.  Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Tá mo fhreagrachtaí maidir leis na riachtanais den Chomhaontú Bainistíocht Seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí párolla agus achmainn daonna a sholáthar comhlíonta agam.

Déanaim freagairt le litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil rialúcháin chuí i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Oifig
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta
- cinntíonn an Oifig go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas i gceannacht agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun cinntiú go gcloítear leis na dtreoirlínte iomchuí ar fad. Chloígh an Oifig leis na treoirlínte.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Bhí Coiste Iniúchta i bhfeidhm don Vóta i 2016 ach níor bhuail siad lena chéile ós rud é nach raibh an Cathaoirleach ar fónamh. Níor comhaontaíodh aon chlár oibre iniúchta inmheánaigh do 2016 ós rud é nár bhuail baill an Choiste Iniúchta lena chéile. Cuirfear cathaoirleach nua i bhfeidhm i 2017. Tagann Teaghlachas an Uachtaráin faoi raon na feidhme iniúchta inmheánaí a sholáthraítear ag Roinn an Taoisigh, roinn a bhfuil pearsanra aici ar cuireadh oiliúint chuí orthu agus a fheidhmíonn faoi chairt scríofa atá faofa agam. Bhí tionchar ag anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Oifig neamhchosanta orthu ar a cuid oibre agus tá sé mar aidhm aici na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnta. Tá feidhm an iniúchta inmheánaigh agus a clár oibre faoi réir ag athbhreithniú tréimhsiúil agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta, a fheidhmíonn faoi choimirce Roinn an Taoisigh. Nuair a bheidh Coiste Iniúchta Theaghlachais an Uachtaráin i mbun oibre, táthar ag súil leis go ndéanfar iniúchadh inmheánach ar an Oifig a sceidealú.

**Martin Fraser**
Oifigeach Cuntasaíochta

14 Meán Fómhair 2017

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a fhorordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithreasa.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt san chuntas leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntas leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithreasa.

***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Teaghlachas an Uachtaráin. Réitíonn an cuntas leithreasa leis na taifid chuntasaíochta.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste

24 Meán Fómhair 2017

# Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin
# Cuntas Leithreasa 2016

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas chláir** | | | | |
| A | Teaghlachas an Uachtaráin | 2,642 | 2,456 | 2,153 |
| B | Deolchaire daoine in aois a chéid | 1,275 | 1,152 | 1,145 |
| | **Ollchaiteachas** | **3,917** | **3,608** | **3,298** |
| | *Bain de* | | | |
| C | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **106** | **84** | **100** |
| | **Glanchaiteachas** | **3,811** | **3,524** | **3,198** |

**Farasbarr le géilleadh**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le géilleadh | 286,958 | 246,341 |

**Anailís chaiteachais riaracháin**

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 1,726 | 1,677 | 1,664 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 310 | 150 | 194 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 295 | 302 | 122 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 86 | 90 | 81 |
| v | Trealamh oifige agus soláthartaí oifig agus seirbhísí gaolmhara | 280 | 293 | 150 |
| | | 2,697 | 2,512 | 2,211 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas um Chostas Feidhmiúcháin 2016

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas chláir | | 1,096 | 1,087 |
| Pá | | 1,677 | 1,664 |
| Caiteachas eile | | 835 | 547 |
| **Ollchaiteachas** | | **3,608** | **3,298** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **84** | **100** |
| **Glanchaiteachas** | | **3,524** | **3,198** |
| **Athraithe i sócmhainní caipitiúla** | | | |
| Ceannacháin airgid | (54) | | |
| Dímheas | 33 | | |
| | | (21) | (9) |
| **Athraithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (2) | | |
| Laghdú ar stoc | 4 | | |
| | | 2 | 56 |
| **Caiteachas díreach** | | **3,505** | **3,245** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | | 4,658 | 4,748 |
| **Costas chláir glan** | | **8,163** | **7,993** |

**1.1 Glanchaiteachas Seirbhísí Comhghaolmhara**

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara comhdhéanta as na méideanna measta seo leanas maidir le Vóta 1 a íocadh as cistí eile.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais | 20 | — |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus liúntais scoir | 484 | 462 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 2,411 | 2,071 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 4 | 3 |
| Vóta 20 Garda Síochána | 174 | 344 |
| Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | 241 | 482 |
| Vóta 36 Cosaint | 431 | 408 |
| An Lárchíste (luachanna saothair agus liúntais Uachtaráin agus pinsin uachtaráin). | 893 | 978 |
| | **4,658** | **4,748** |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016<br>€000 | 2015<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitiúla** | 2.2 | **79** | **58** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.3 | 31 | 35 |
| Réamhíocaíochtaí | | 29 | 15 |
| Ioncam carntha | | 4 | 5 |
| Iarmhéideanna dochair eile | | — | 2 |
| Banc agus airgead tirim | | 71 | (21) |
| Glanmhaoiniú Státchiste atá dlite | 2.5 | 4 | 81 |
| **Iomlán sócmhainní reatha** | | **139** | **117** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais carntha | | 101 | 90 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.4 | 75 | 62 |
| **Iomlán dliteanais reatha** | | **176** | **152** |
| **Glandliteanais reatha** | | **(37)** | **(35)** |
| **Glansócmhainní** | | **42** | **23** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | **42** | **23** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 23 | 70 |
| **Eisíocaíochtaí as an Vóta** | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 3,811 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (287) | | |
| **Vóta glan** | | | **3,524** | **3,198** |
| Caiteachas (airgead tirim) iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 4,658 | 4,748 |
| Costas chláir glan | 1 | | (8,163) | (7,993) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **42** | **23** |

**2.2 Sócmhainní caipitil**

| | Trealamh teicneolaíochta faisnéise | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2016 | 336 | 93 | 429 |
| Breiseanna | 54 | — | 54 |
| Diúscairtí | (18) | — | (18) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2016 | 372 | 93 | 465 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2016 | 282 | 89 | 371 |
| Dímheas don bhliain | 31 | 2 | 33 |
| **Dímheas ar dhiúscairtí** | (18) | — | (18) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2016 | 295 | 91 | 386 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016** | **77** | **2** | **79** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015** | **54** | **4** | **58** |

| **2.3 Stoic** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Boinn daoine in aois a chéid | 7 | 5 |
| Tomhaltáin teicneolaíochta faisnéise agus stáiseanóireacht | 24 | 30 |
| | 31 | 35 |

| **2.4 Iarmhéideanna Sochair Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 33 | 25 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 14 | 12 |
| Tobhach Pinsin | 3 | — |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | 8 | 9 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | — | — |
| Ranníocaíocht Pinsin | 5 | 4 |
| | 63 | 50 |
| Asbhaintí párolla coinnithe i bhfionraí | 12 | 12 |
| | 75 | 62 |

| **2.5 Glandliteanas don Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le géilleadh | 287 | 246 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (291) | (327) |
| Glandliteanas don Státchiste | (4) | (81) |
| | | |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | — | 2 |
| | — | 2 |
| | | |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 71 | (21) |
| Dlite don Stát | (63) | (50) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (12) | (12) |
| | (4) | (83) |
| | | |
| | (4) | (81) |

| **2.6 Ceangaltais** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| **a) Ceangaltais Dhomhanda** | | |
| Earraí agus seirbhísí atá ar conradh | — | 4 |
| Líon iomlán na gceangaltas atá infhorfheidhmithe le dlí | — | 4 |

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fo-cheannteidil

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Meastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Teaghlachas an Uachtaráin** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 1,686 | 1,636 | 1,621 |
| A.2 | Riarachán - caiteachas eile | 956 | 820 | 532 |
| | | 2,642 | 2,456 | 2,153 |
| **B** | **Deolchaire daoine in aois a chéid** | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | 40 | 41 | 43 |
| B.2 | Riarachán - caiteachas eile | 15 | 15 | 15 |
| B.3 | Deolchaire daoine in aois a chéid | 1,220 | 1,096 | 1,087 |
| | | 1,275 | 1,152 | 1,145 |

# 4 Fáltais

**4.1 Leithreasaí-i-gcabhair**

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Fíoraithe** | **Fíoraithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Fáltais ó asbhaintí pinsean-choibhneasta as luach saothair seirbhíse poiblí | 95 | 79 | 96 |
| 2. | Admhálacha ilghnéitheacha | 11 | 5 | 4 |
| | | 106 | 84 | 100 |

# 5 Líon Fostaithe agus Pá

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (ionann agus lánaimseartha) | 27 | 26 |

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 1,483 | 1,535 |
| Liúntais ardghráid, speisialta nó dualgais breise | 83 | 38 |
| Ragobair | 24 | 17 |
| ÁSPC fostóra | 87 | 74 |
| **Pá Iomlán** | **1,677** | **1,664** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíoctaí Ragoibre**

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí de €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is mó 2016 | Íocaíocht aonair is mó 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais ardghráid, speisialta nó dualgais breise | 5 | 4 | 27,154[a] | 19,843 |
| Ragobair | 13 | — | 4,869 | 3,841 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 1 | — | 3,322 | 5,828 |

[a] Riaráistí de €13,153 san áireamh

**5.2 Ró-íocaíochtaí Párolla**

Bhí ró-íocaíocht tuarastail fós gan íoc ar ais de €527 (1 cás) ag deireadh na bliana 2016 (2015: €3,100,1 cás). Tá plean téarnaimh i bhfeidhm.